C/2024/7197

29.11.2024

Teachtaireacht ón gCoimisiún arna foilsiú de bhun Airteagal 27(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle i gCás AT. 40728 – Corning

(C/2024/7197)

1. Réamhrá

(1) De réir Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh ([1]), féadfaidh an Coimisiún a chinneadh – i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe aige cinneadh a ghlacadh lena gceanglófar deireadh a chur le sárú agus ina dtugann na páirtithe lena mbaineann gealltanais go rachaidh siad i ngleic leis na hábhair imní a chuir an Coimisiún in iúl ina réamh-mheasúnú – na gealltanais sin a dhéanamh ceangailteach ar na gnóthais. Féadfar cinneadh den sórt sin a ghlacadh ar feadh tréimhse shonrach ama agus tiocfar ar an gconclúid ann nach bhfuil aon fhoras ann a thuilleadh le haghaidh gníomhaíocht ón gCoimisiún. De réir Airteagal 27(4) den Rialachán céanna, foilseoidh an Coimisiún achoimre bheacht ar an gcás agus ar phríomhábhar na ngealltanas. Féadfaidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach laistigh den teorainn ama a shocróidh an Coimisiún.

2. Achoimre ar an gCás

(2) An 6 Samhain 2024 thionscain an Coimisiún imeachtaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 an 7 Aibreán 2004 in aghaidh Corning Incorporated ('Corning') agus ghlac sé réamh-mheasúnú de réir bhrí Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ('réamh-mheasúnú') maidir le sárú líomhnaithe ar Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). Baineann an sárú líomhnaithe le gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach, ar cineál gloine marthanach (frithsheasmhach in aghaidh briste) é a úsáidtear go príomha mar ghloine clúdaigh gléasanna leictreonacha láimhe amhail fóin phóca, táibléid agus uaireadóirí cliste. Tá dhá fhochineál de ghloine d'alúmanaisileacáit alcaileach ann atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de, is é sin gloine d'alúmanaisileacáit litiam agus gloine d'alúmanaisileacáit sóidiam ([2]).

(3) De réir an réamh-mheasúnaithe, tá Corning ceannasach ar an margadh domhanda chun gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach a sholáthar seachas táirgí de gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach a úsáideann Apple Inc. ('Apple') agus ar an margadh domhanda a d'fhéadfadh a bheith ann chun gloine d'alúmanaisileacáit litiam a sholáthar seachas táirgí de ghloine d'alúmanaisileacáit litiam a úsáideann Apple. Leagtar amach sa réamh-mheasúnú an imní go bhféadfadh Corning mí-úsáid a bhaint as a cheannasacht trí dhéileáil eisiach a dhéanamh le monaróirí buntrealaimh ('OEManna') ([3]), go háirithe OEManna gléasanna láimhe, agus críochnaitheoirí, ([4]) agus ar an gcaoi sin monaróirí gloine iomaíocha a eisiamh ón margadh. Tugann an fhianaise i gcomhad an Choimisiúin le fios go bhfuil an cineál iompair seo ar siúl ag Corning ó bhí 2016 ann ar a laghad.

(4) I measc chleachtais déileála eisiacha Corning le OEManna tá na nithe seo a leanas: (i) oibleagáidí foinsithe eisiacha, is é sin nach mór do OEManna sciar ard dá n-éileamh ar ghloine d'alúmanaisileacáit alcaileach nó gloine d'alúmanaisileacáit litiam a fhoinsiú ó Corning, (ii) lacáistí atá coinníollach ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí foinsithe eisiacha; agus (iii) clásail Shasanacha, lena gcuirtear d'oibleagáid ar OEManna tairiscintí iomaíocha ó mhonaróirí gloine iomaíocha a thuairisciú do Corning agus lena gceadaítear do OEManna glacadh le tairiscintí den sórt sin mura ndéanann Corning an praghas a mheaitseáil, agus sa chás sin amháin.

([1]) IO L 1, 4.1.2003, lch. 1. Le héifeacht ón 1 Nollaig 2009, rinneadh Airteagail 101 agus 102 CFAE d'Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE, faoi seach. Tá an dá shraith forálacha comhionann le chéile ó thaobh substainte de. Chun críocha an fhógra seo, ba cheart tagairtí d'Airteagail 101 agus 102 CFAE a thuiscint mar thagairtí d'Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE nuair is infheidhme.

([2]) Tagraíonn an 'N' in NAS do Natrium, ainm Laidine sóidiam.

([3]) Monaróirí a tháirgeann agus a dhíolann faoina mbrandaí féin táirgí deiridh ina bhfuil gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach agus earraí ceirmeacha gloine trédhearcaí; is ábhair cheirmeacha iad earraí ceirmeacha gloine a fhoirmítear trí núicléasú agus criostalú gloine rialaithe ('earraí ceirmeacha gloine trédhearcaí').

([4]) Gnóthais a phróiseálann gloine amh arna soláthar ag monaróirí gloine. Áirítear ar phróiseáil, *inter alia*, neartú ceimiceach gloine amh, snasú, meilt, eitseáil, lúbadh na n-imill etc.

(5) Áirítear ar chleachtais déileála eisiacha Corning le críochnaitheoirí oibleagáidí ceannaigh eisiacha trína gceanglaítear ar chríochnaitheoirí a gcuid riachtanas go léir, nó beagnach a gcuid riachtanas go léir, maidir le gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach nó gloine d'alúmanaisileacáit litiam a chomhlíonann paraiméadair áirithe a cheannach ó Corning (agus na paraiméadair sin á sainiú ar bhealach a chumhdaíonn an chuid is mó de tháirgí gloine d'alúmanaisileacáit litiam ar an margadh).

3. **Príomhábhar na nGealltanas arna dTairiscint**

(6) Ní aontaíonn Corning le Réamh-Mheasúnú an Choimisiúin. Mar sin féin, tá gealltanais tugtha ag Corning de bhun Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 freagairt d'ábhair imní an Choimisiúin maidir leis an iomaíocht.

(7) Tá achoimre ghairid ar na gealltanais sin thíos agus tá siad foilsithe ina n-iomláine i mBéarla ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ag:

https://ec.europa.eu/competition-policy/index_ga

(8) Tá feidhm ag na Gealltanais maidir le clúdaigh gléasanna leictreonacha láimhe agus ríomhairí glúine scáileán tadhaill déanta as gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach (lena n-áirítear gloine d'alúmanaisileacáit litiam agus gloine d'alúmanaisileacáit sóidiam araon) agus earraí ceirmeacha gloine trédhearcaí, lena n-áirítear clúdaigh ghloine inlúbtha le haghaidh gléasanna infhillte. I gconarthaí reatha le OEManna agus le críochnaitheoirí, geallann Corning na socruithe eisiacha déileála uile a luaitear i míreanna(4) agus (5) thuas a tharscaoileadh. I gconarthaí amach anseo, geallann Corning gan clásail den sórt sin nó clásail chomhchosúla a bhfuil an éifeacht chéanna acu a úsáid. Ina theannta sin, tá feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) Comhaontuithe le OEManna: I ndáil le héileamh LEE OEManna, geallann Corning gan aon cheanglas ceannaigh (i.e. 0 %) ná buntáistí praghais (e.g. lacáistí, lascainí) a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais sin. Maidir le héileamh OEManna neamh-LEE, ní ceadmhach do Cornadh na nithe a leanas a dhéanamh:

— a cheangal ar OEM níos mó ná 50 % dá éileamh comhcheangailte ar chlúdaigh déanta as gloine d'alúmanaisileacáit sóidiam, gloine d'alúmanaisileacáit litiam agus earraí ceirmeacha gloine trédhearcaí a fhoinsiú ó Corning (caidhp fhoriomlán), nó buntáistí praghais maidir le foinsiú a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin;

— a cheangal ar OEM níos mó ná 50 % dá éileamh ar ghloine d'alúmanaisileacáit litiam a fhoinsiú ó Corning (caidhp gloine d'alúmanaisileacáit litiam), nó buntáistí praghais maidir le foinsiú a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin; agus

— a cheangal ar OEM níos mó ná 50 % dá éileamh ar earraí ceirmeacha gloine trédhearcaí a fhoinsiú ó Corning (caidhp earraí ceirmeachta gloine trédhearcaí), nó buntáistí praghais maidir le foinsiú a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin.

(b) Comhaontuithe le críochnaitheoirí: Ní féidir do Corning a cheangal ar chríochnaitheoir níos mó ná 50 % dá éileamh comhcheangailte ar ghloine d'alúmanaisileacáit sóidiam, gloine d'alúmanaisileacáit litiam agus earraí ceirmeachta gloine trédhearcaí a cheannach ó Corning (caidhp fhoriomlán), nó buntáistí praghais maidir le ceannach a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin. Laistigh den chaidhp fhoriomlán is féidir leis an gcríochnaitheoir cinneadh a dhéanamh gan bhac maidir le cainníocht na n-ábhar cumhdaigh éagsúil is mian leis a cheannach ó Corning chun cloí leis an gcaidhp fhoriomlán.

(9) Ina theannta sin, maidir le forfheidhmiú a phaitinní, geallann Corning agra a dhéanamh (sa chúirt nó trí eadráin) maidir le sárú paitinne, ach ní mar gheall ar shárú conartha. Ina theannta sin, geallann Corning gan aon sásra a úsáid faoi dhlí na gconarthaí (pionóis chonarthacha, luathfhoirceannadh, damáistí conarthacha etc.) chun a phaitinní a fhorfheidhmiú. Is é is aidhm do na forálacha sin cosc a chur ar Corning an córas forfheidhmithe paitinní a sheachaint agus a phaitinní a fhorfheidhmiú trí shrianta conarthacha.

(10) Chun a áirithiú go gcuirfear rannpháirtithe sa mhargadh ar fud an domhain ar an eolas mar is ceart, tá gealltanas tugtha ag Corning cumarsáid sa mhargadh a chur ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara (mar aon le téacs na ngealltanas), ina mínítear ábhair imní an Choimisiúin agus ina ndéantar achoimre ar na gealltanais i bhfriotal simplí. Tá gealltanas tugtha ag Corning an chumarsáid sa mhargadh agus téacs na ngealltanas a aistriú go Mandairínis agus na leaganacha Béarla agus na leaganacha Mandairínise araon a sheachadadh chuig páirtithe leasmhara ón tSín.

(11) Beidh na Gealltanais infheidhme ar fud an domhain agus fanfaidh siad i bhfeidhm go ceann tréimhse 9 mbliana ón dáta a gheobhaidh Corning fógra foirmiúil faoi chinneadh an Choimisiúin faoi Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003. Geallann Corning Iontaobhaí Faireacháin neamhspleách a cheapadh a fhíoróidh comhlíonadh na ngealltanas agus a thuairisceoidh don Choimisiún.

4. **Cuireadh chun Tuairimí a Thabhairt**

(12) Faoi réir tástáil margaidh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 lena ndearbhófar gur ceangailteach na gealltanais a bhfuil achoimre orthu thuas agus atá foilsithe ar an Idirlíon, ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

(13) I gcomhréir le hAirteagal 27(4) de Rialachán Uimh. 1/2003, iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis na gealltanais atá beartaithe a chur faoina bhráid. Ní mór na barúlacha sin a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 13 Eanáir 2025. Iarrtar ar thríú páirtithe leasmhara leagan neamhrúnda dá gcuid barúlacha a chur isteach freisin, leagan inar cheart aon fhaisnéis a mhaíonn siad gur rúin ghnó í agus faisnéis rúnda eile a scriosadh agus a ionadú le hachoimre neamhrúnda nó leis na focail 'rúin ghnó' nó 'rúnda'.

(14) Más féidir, ba cheart freagraí agus barúlacha a bheith réasúnaithe agus ba cheart na fíorais ábhartha a leagan amach iontu. Má aimsíonn tú fadhb a bhaineann le haon chuid de na gealltanais atá beartaithe, iarrann an Coimisiún ort freisin réiteach féideartha a mholadh.

(15) Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún faoin uimhir thagartha **AT.40728 – Corning** le ríomhphost (COMP-GREFFE-ANTITRUST@ec.europa.eu agus COMP-E2-MAIL@ec.europa.eu), nó tríd an bpost, chuig an seoladh a leanas:

European Commission
Directorate-General for Competition
Antitrust Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË